



An Bhruiséil, 9 Feabhra 2024
(OR. en)

6182/24
ADD 1

FIN 121
PE-L 6

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	An Coiste um an mBuiséad
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Moltaí ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do na comhghnóthais i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022 – <i>Glacadh</i> – <i>Formheas litreach</i>

IARSCRÍBHINN 1: An Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt (F4E JU).....	2
IARSCRÍBHINN 2: An Comhghnóthas Taighde um Bainistíocht Aerthráchta maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair (SESAR 3 JU).....	6
IARSCRÍBHINN 3: An Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan (CA JU).....	10
IARSCRÍBHINN 4: Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach (IHI JU).....	14
IARSCRÍBHINN 5: An Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Clean H2 JU)	17
IARSCRÍBHINN 6: An Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha (KDT JU).....	21
IARSCRÍBHINN 7: An Comhghnóthas um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach (CBE JU).....	25
IARSCRÍBHINN 8: An Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa (EU-Rail JU)	29
IARSCRÍBHINN 9: An Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach (EuroHPC JU)	33

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir
an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt
(F4E JU)
i leith chur chun feidhme bhuiséad
F4E JU
don bhliain airgeadais 2022

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh 2007/198/Euratom ón gComhairle an 27 Márta 2007 lena mbunaítear an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus buntáistí a thabhairt dó¹, agus go háirithe Airteagal 5(3) de agus an ceathrú fomhír d’Airteagal 15(1) den Iarscríbhinn a ghabhann leis,

Ag féachaint do Rialachán Airgeadais an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt a ghlac a Bhord Rialaithe an 10 Nollaig 2019,

¹ IO L 90, 30.3.2007, lch. 58.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Chomhghnóthais um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt (F4E JU), dá ngairtear an ‘Comhghnóthas’ anseo feasta, don bhliain airgeadais 2022 agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí an Chomhghnóthais ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go leagann an Chomhairle béim an Chomhairle ar a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad an Chomhghnóthais ar shlí ar féidir urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir an Chomhghnóthais i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

¹ IO C, C/2023/1025, 16.11.2023.

**BARÚLACHA A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ
LE TABHAIRT DON
CHOMHGHNÓTHAS EORPACH UM ITER AGUS UM FHUINNEAMH COMHLEÁ
A FHORBAIRT (F4E JU)**

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Chomhghnóthais mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialacha Airgeadais an Chomhghnóthais, agus go bhfuil na hidirbhearta is bunús leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire agus is díol inní di barúil na Cúirte maidir le cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais don bhliain airgeadais 2022, go sonrach nochtadh an mheastacháin ar an gcostas iomlán a bhaineann le comhlíonadh na n-oibleagáidí seachadta le haghaidh thionscadal ITER, meastachán atá bunaithe ar gharsprioc agus toimhdí costais 2016. I ndáil leis an méid sin, is díol inní don Chomhairle an riosca a d'fhéadfadh a bheith ag baint le hathruithe ar na príomhthoimhdí agus an neamhchosaint ar riosca, a bhféadfadh méaduithe móra ar chostais agus/nó moilleanna breise ar an gcur chun feidhme a bheith mar thoradh orthu. Is measa fós an riosca sin mar gheall ar an moilliú ar na gníomhaíochtaí oibríochtúla, rud a fhágann gurb íseal ráta cur chun feidhme a bhuiséid gheallta, mar a léirigh an Chúirt ina hiniúchadh.

Is oth leis an gComhairle barúil na Cúirte maidir le laigí i gcórais bhainistíochta agus rialaithe an Chomhghnóthais, go háirithe an éagobhsaíocht ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí agus easnaimh sa chóras bainistithe riosca agus sa bhainistiú conarthaí araon. Tá an Chomhairle ag teacht le himní na Cúirte maidir leis an ráta ard láimhdeachais sa bhainistíocht shinsearach, agus aithníonn sí an riosca a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis sin ó thaobh na bainistíochta éifeachtaí agus na cinnteoireachta de sa Chomhghnóthas, go háirithe chun bonnlínte nua ITER a chur chun feidhme go héifeachtach.

Is oth leis an gComhairle cinntí na Cúirte maidir leis an mbainistiú a rinneadh ar chonradh ardluacha (EUR 500 milliún), inar fhág measúnú neamhéifeachtúil agus easpa taifead ar dhialltaí an chonraitheora go raibh léirmhínthe éagsúla agus easaontú i measc na bpáirtithe, agus bhí tionchar suntasach ag an méid sin ar bhaint amach chuspóirí an chonartha agus d'fhéadfadh sé tionchar a imirt ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla eile chomh maith. Iarrann an Chomhairle ar an gComhghnóthas na heasnaimh a leigheas, agus is díol sásaimh di go bhfuil an Comhghnóthas tiomanta an soláthar agus an bainistiú conarthaí a fheabhsú.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin
an Chomhghnóthais Taighde um Bainistíocht Aerthráchta maidir leis an Aerspás Eorpach
Aonair (SESAR 3)
i leith chur chun feidhme bhuiséad
Chomhghnóthas SESAR 3
don bhliain airgeadais 2022

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014¹, agus go háirithe Airteagal 26(5) de,

Ag féachaint do Rialacha Airgeadais SESAR 3 a ghlac a Bhord Riaracháin an 14 Nollaig 2021,

¹ IO L 427, 30.11.2021, lch. 17.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Chomhghnóthas SESAR 3 don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear an ‘Comhghnóthas’ anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí an Chomhghnóthais ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad an Chomhghnóthais ar shlí ar féidir urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

¹ IO C, C/2023/1025, 16.11.2023.

BARÚLACHA A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ
LE TABHAIRT DON
CHOMHGHNÓTHAS TAIGHDE UM BAINISTÍOCHT AERTHRÁCHTA MAIDIR LEIS
AN AERSPÁS EORPACH AONAIR (SESAR 3 JU)

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Chomhghnóthais mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialacha Airgeadais an Chomhghnóthais, agus go bhfuil na hidirbhearta is bunús leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire cinneadh na Cúirte nach nochtar faisnéis leordhóthanach maidir le ranníocaíochtaí chomhaltaí an Chomhghnóthais, rud a fhágann gur deacair ranníocaíochtaí airgid an Aontais, ranníocaíochtaí comhchineáil agus baint amach spriocanna ranníocaíochta dlíthiúla na gclár faoi seach ag deireadh na bliana a thabhairt le chéile. Is díol sásaimh don Chomhairle, dá bhrí sin, go bhfuil sé ar intinn ag an gComhghnóthas an tsaincheist sin a réiteach go hiomlán i gcuntais bhliantúla na bliana seo chugainn. Iarrann an Chomhairle ar an gComhghnóthas dul i dteagmháil leis an gCoimisiún chun tacaíocht a fháil ina chuid oibre ar theimpléad comhchuibhithe le haghaidh na gcuntas bliantúil ina leith sin.

Tugann an Chomhairle dá haire agus is díol inní di ráta an-íseal cur chun feidhme na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí oibríochtúla faoin gclár Fís 2020, a laghdaigh go 54 %, chomh maith le tromlach na dtionscadal agus a n-íocaíochtaí deiridh faoi seach a cuireadh ar athlá go 2023 de dheasca fadhbanna seachadta a bhaineann le COVID-19 agus costais mhéadaitheacha do na tairbhíthe. Tá an Chomhairle ag teacht le himní na Cúirte go bhféadfadh bainistiú comhuaineach roinnt cláir CAI éifeachtacht rialuithe inmheánacha an Chomhghnóthais agus a bhainistiú ar na cistí sin a lagú, agus moill a chur ar chur chun feidhme na gclár nua, agus dá bhrí sin iarrann sí ar an gComhghnóthas gníomhaíochtaí feabhais a dhéanamh agus, ar an gcaoi sin, cás a sheachaint ina scaipfeadh na héifeachtaí go cláir nua freisin.

Maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe do chaiteachas an chláir Fís 2020, is díol sásaimh don Chomhairle an bharúil ón gCúirt go bhfuil na rialuithe ar íocaíochtaí oibríochtúla fóna ar an iomlán, agus is díol sásaimh di freisin go bhfuil an Comhghnóthas tiomanta bearta ceartaitheacha a dhéanamh chun na méideanna a éilíodh go hiomarcach agus a bhaineann le hearráid shistéamach amháin a fuarthas a aisghabháil.

Maidir le cur chun feidhme Fís Eorpach, tugann an Chomhairle dá haire barúil na Cúirte maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí nár úsáideadh in 2022 agus atá le forghníomhú sa chéad leath de 2023 ach a síneofar conarthaí agus aithníonn sí freagra an Chomhghnóthais.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an

maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais

um Eitlíocht Ghlan (CA)

i leith chur chun feidhme bhuiséad

Chomhghnóthas CA

don bhliain airgeadais 2022

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014¹, agus go háirithe Airteagal 26(5) de,

Ag féachaint do Rialacha Airgeadais an Chomhghnóthais ‘Spéir Ghlan 2’ a ghlac a Bhord Rialaithe an 27 Eanáir 2020,

¹ IO L 427, 30.11.2021, lch. 17.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Chomhghnóthas CA don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear an ‘Comhghnóthas’ anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí an Chomhghnóthais ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad an Chomhghnóthais ar shlí ar féidir urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

¹ IO C, C/2023/1025, 16.11.2023.

BARÚLACHA A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ
LE TABHAIRT DON
CHOMHGHNÓTHAS UM EITLÍOCHT GHLAN (CA JU)

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Chomhghnóthais mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialacha Airgeadais an Chomhghnóthais, agus go bhfuil na hidirbhearta is bunús leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire cinneadh na Cúirte nach nochtar faisnéis leordhóthanach maidir le ranníocaíochtaí chomhaltaí an Chomhghnóthais, rud a fhágann gur deacair ranníocaíochtaí airgid an Aontais, ranníocaíochtaí comhchineáil agus baint amach spriocanna ranníocaíochta dlíthiúla na gclár faoi seach ag deireadh na bliana a thabhairt le chéile. Is díol sásaimh don Chomhairle, dá bhrí sin, go bhfuil sé ar intinn ag an gComhghnóthas an tsaincheist sin a réiteach go hiomlán i gcuntais bhliantúla na bliana seo chugainn. Iarrann an Chomhairle ar an gComhghnóthas dul i dteagmháil leis an gCoimisiún chun tacaíocht a fháil ina chuid oibre ar theimpléad comhchuibhithe le haghaidh na gcuntas bliantúil ina leith sin.

Tugann an Chomhairle dá haire an laghdú ar ráta cur chun feidhme na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí oibríochtúla faoin gclár Fís 2020 go 78 %, chomh maith le tromlach na dtionscadal agus a n-íocaíochtaí deiridh faoi seach a cuireadh ar athlá go 2023 de dheasca fadhbanna seachadta a bhaineann le COVID-19 agus costais mhéadaitheacha do na tairbhíthe. Tá an Chomhairle ag teacht le himní na Cúirte go bhféadfadh bainistiú comhuaineach roinnt cláir CAI éifeachtacht rialuithe inmheánacha an Chomhghnóthais agus a bhainistiú ar na cistí sin a lagú, agus moill a chur ar chur chun feidhme na gclár nua, agus dá bhrí sin iarrann sí ar an gComhghnóthas gníomhaíochtaí feabhais a dhéanamh agus, ar an gcaoi sin, cás a sheachaint ina scaipfeadh na héifeachtaí go cláir nua freisin.

A mhéid a bhaineann le ráta íseal cur chun feidhme chaiteachas riaracháin an Chomhghnóthais, is é sin 54 %, tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil údar leis sin den chuid is mó i ngeall ar sheirbhísí a soláthraíodh le linn ráithe dheireanach 2022 nár íocadh ag deireadh na bliana, chomh maith leis na costais laghdaithe le haghaidh na seirbhísí arna soláthar ag an gCoimisiún.

A mhéid a bhaineann le córais bhainistíochta agus rialaithe le haghaidh chaiteachas Fís 2020, is oth leis an gComhairle cinneadh na Cúirte gur sainaithníodh earráid thromchúiseach i gcás amháin, mar thoradh ar chostas pearsanra arna éileamh go hiomarcach ag an tairbhí. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an Comhghnóthas tiomanta bearta a chur chun feidhme chun rioscaí comhchosúla a leigheas agus a mhaolú amach anseo.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin
Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach (IHI)
i leith chur chun feidhme bhuiséad Chomhghnóthas IHI
don bhliain airgeadais 2022

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014¹, agus go háirithe Airteagal 26(5) de,

Ag féachaint do Rialacha Airgeadais an Chomhghnóthais maidir leis an Tionscnamh um Chógais Leighis Nuálacha 2 a ghlac a Bhord Rialaithe an 27 Bealtaine 2020,

¹ IO L 427, 30.11.2021, lch. 17.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Chomhghnóthas IHI don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear an ‘Comhghnóthas’ anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí an Chomhghnóthais ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad an Chomhghnóthais ar shlí ar féidir urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

¹ IO C, C/2023/1025, 16.11.2023.

**BARÚLACHA A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ
LE TABHAIRT DO
CHOMHGHNÓTHAS AN TIONSNAIMH UM SHLÁINTE NUÁLACH (IHI JU)**

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Chomhghnóthais mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialacha Airgeadais an Chomhghnóthais, agus go bhfuil na hidirbhearta is bunús leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire cinneadh na Cúirte nach nochtar faisnéis leordhóthanach maidir le ranníocaíochtaí chomhaltaí an Chomhghnóthais, rud a fhágann gur deacair ranníocaíochtaí airgid an Aontais, ranníocaíochtaí comhchineáil agus baint amach spriocanna ranníocaíochta dlíthiúla na gclár faoi seach ag deireadh na bliana a thabhairt le chéile. Is díol sásaimh don Chomhairle, dá bhrí sin, go bhfuil sé ar intinn ag an gComhghnóthas an tsaincheist sin a réiteach go hiomlán i gcuntais bhliantúla na bliana seo chugainn. Iarrann an Chomhairle ar an gComhghnóthas dul i dteagmháil leis an gCoimisiún chun tacaíocht a fháil ina chuid oibre ar theimpléad comhchuibhithe le haghaidh na gcuntas bliantúil ina leith sin.

Tugann an Chomhairle dá haire an laghdú go 87 % ar ráta cur chun feidhme na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí oibríochtúla faoin gclár Fís 2020. Tá an Chomhairle ag teacht le himní na Cúirte go bhféadfadh bainistiú comhuaineach roinnt cláir CAI éifeachtacht rialuithe inmheánacha an Chomhghnóthais agus a bhainistiú ar na cistí sin a lagú, agus moill a chur ar chur chun feidhme na gclár nua, agus dá bhrí sin iarrann sí ar an gComhghnóthas gníomhaíochtaí feabhais a dhéanamh agus, ar an gcaoi sin, cás a sheachaint ina scaipfeadh na héifeachtaí go cláir nua freisin.

A mhéid a bhaineann leis na córais bhainistíochta agus rialaithe le haghaidh chaiteachas Fís 2020, is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil na hidirbhearta a ndearna an Chúirt sampláil orthu saor ó earráidí agus ó laigí rialaithe.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin
an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan (Clean H2)
i leith chur chun feidhme bhuiséad Chomhghnóthas Clean H2
don bhliain airgeadais 2022

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014¹, agus go háirithe Airteagal 26(5) de,

Ag féachaint do Rialacha Airgeadais Chomhghnóthas Clean H2 a ghlac a Bhord Rialaithe an 18 Nollaig 2019,

¹ IO L 427, 30.11.2021, lch. 17.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Chomhghnóthas Clean H2 don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear an ‘Comhghnóthas’ anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí an Chomhghnóthais ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad an Chomhghnóthais ar shlí ar féidir urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

¹ IO C, C/2023/1025, 16.11.2023.

BARÚLACHA A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DON
CHOMHGHNÓTHAS UM HIDRIGIN GHLAN (CLEAN H2 JU)

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Chomhghnóthais mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialacha Airgeadais an Chomhghnóthais, agus go bhfuil na hidirbhearta is bunús leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire cinneadh na Cúirte nach nochtar faisnéis leordhóthanach maidir le ranníocaíochtaí chomhaltaí an Chomhghnóthais, rud a fhágann gur deacair ranníocaíochtaí airgid an Aontais, ranníocaíochtaí comhchineáil agus baint amach spriocanna ranníocaíochta dlíthiúla na gclár faoi seach ag deireadh na bliana a thabhairt le chéile. Is díol sásaimh don Chomhairle, dá bhrí sin, go bhfuil sé ar intinn ag an gComhghnóthas an tsaincheist sin a réiteach go hiomlán i gcuntais bhliantúla na bliana seo chugainn. Iarrann an Chomhairle ar an gComhghnóthas dul i dteagmháil leis an gCoimisiún chun tacaíocht a fháil ina chuid oibre ar theimpléad comhchuibhithe le haghaidh na gcuntas bliantúil ina leith sin.

Tugann an Chomhairle dá haire an laghdú ar ráta cur chun feidhme na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí oibríochtúla faoin gclár Fís 2020 go 81 %, chomh maith le tromlach na dtionscadal agus a n-íocaíochtaí deiridh faoi seach a cuireadh ar athlá go 2023 de dheasca fadhbanna seachadta a bhaineann le COVID-19 agus costais mhéadaitheacha do na tairbhíthe. Tá an Chomhairle ag teacht le himní na Cúirte go bhféadfadh bainistiú comhuaineach roinnt cláir CAI éifeachtacht rialuithe inmheánacha an Chomhghnóthais agus a bhainistiú ar na cistí sin a lagú, agus moill a chur ar chur chun feidhme na gclár nua, agus dá bhrí sin iarrann sí ar an gComhghnóthas gníomhaíochtaí feabhais a dhéanamh agus, ar an gcaoi sin, cás a sheachaint ina scaipfeadh na héifeachtaí go cláir nua freisin.

Maidir le ráta íseal cur chun feidhme an chaiteachais riaracháin le haghaidh gealltanais agus íocaíochtaí, is é sin 62 % agus 51 % faoi seach, tugann an Chomhairle dá haire na húdair a thug an Comhghnóthas leis an méid sin, go háirithe fionraíochtaí íocaíochta, soláthar arna chur ar athlá agus cur chun feidhme creatchonarta. Mar sin féin, tugann an Chomhairle rabhadh maidir le comhlíonadh phrionsabal na bliantúlachta agus iarrann sí ar an gComhghnóthas gníomhaíocht feabhais a dhéanamh, go háirithe trína chórais bhainistíochta agus rialaithe a fheabhsú.

Is oth leis an gComhairle, i gcomhthéacs an iniúchta *ex post* a rinne sí ar íocaíochtaí Fís 2020, gur bhraith an Chúirt, in dhá chás, earráidí tromchúiseacha a bhaineann le costais foirne agus trealaimh arna n-éileamh ag tairbhíthe, agus is díol sásaimh di na bearta ceartaitheacha a d'fhógair an Comhghnóthas, agus iarrann sí air a chórais bainistithe agus rialaithe deontas a fheabhsú a thuilleadh chun an riosca a bhaineann leis na hearráidí sin a mhaolú amach anseo.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrtóir Feidhmiúcháin
an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha (KDT)
i leith chur chun feidhme bhuiséad
Chomhghnóthas KDT
don bhliain airgeadais 2022

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014¹, agus go háirithe Airteagal 26(5) de,

Ag féachaint do Rialacha Airgeadais Chomhghnóthas ECSEL a ghlac a Bhord Rialaithe an 26 Feabhra 2020,

¹ IO L 427, 30.11.2021, lch. 17.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Chomhghnóthas KDT don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear an ‘Comhghnóthas’ anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí an Chomhghnóthais ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad an Chomhghnóthais ar shlí ar féidir urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

¹ IO C, C/2023/1025, 16.11.2023.

**BARÚLACHA A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ
LE TABHAIRT DON
CHOMHGHNÓTHAS EOCHARTHEICNEOLAÍOCHTAÍ DIGITEACHA (KDT)¹**

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Chomhghnóthais mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialacha Airgeadais an Chomhghnóthais, agus go bhfuil na hidirbhearta is bunús leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire cinneadh na Cúirte nach nochtar faisnéis leordhóthanach maidir le ranníocaíochtaí chomhaltaí an Chomhghnóthais, rud a fhágann gur deacair ranníocaíochtaí airgid an Aontais, ranníocaíochtaí comhchineáil agus baint amach spriocanna ranníocaíochta dlíthiúla na gclár faoi seach ag deireadh na bliana a thabhairt le chéile. Is díol sásaimh don Chomhairle, dá bhrí sin, go bhfuil sé ar intinn ag an gComhghnóthas an tsaincheist sin a réiteach go hiomlán i gcuntais bhliantúla na bliana seo chugainn. Iarrann an Chomhairle ar an gComhghnóthas dul i dteagmháil leis an gCoimisiún chun tacaíocht a fháil ina chuid oibre ar theimpléad comhchuibhithe le haghaidh na gcuntas bliantúil ina leith sin.

Tugann an Chomhairle dá haire an laghdú ar ráta cur chun feidhme na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí oibríochtúla faoin gclár Fís 2020 go 74 %, chomh maith le tromlach na dtionscadal agus a n-íocaíochtaí deiridh faoi seach a cuireadh ar athlá go 2023 de dheasca fadhbanna seachadta a bhaineann le COVID-19 agus costais mhéadaitheacha do na tairbhíthe. Tá an Chomhairle ag teacht le himní na Cúirte go bhféadfadh bainistiú comhuaineach roinnt cláir CAI éifeachtacht rialuithe inmheánacha an Chomhghnóthais agus an bainistiú ar na cistí sin a lagú, agus moill a chur ar chur chun feidhme na gclár nua, agus dá bhrí sin iarrann sí ar an gComhghnóthas gníomhaíochtaí feabhais a dhéanamh agus, ar an gcaoi sin, cás a sheachaint ina scaipfeadh na héifeachtaí go cláir nua freisin.

¹ Ar a dtugtar an Comhghnóthas um Shliseanna ó mhí Iúil 2023, i bhfianaise Rialachán (AE) 2023/1782 ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2085 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach, a mhéid a bhaineann leis an gComhghnóthas um Shliseanna.

Maidir le ráta íseal cur chun feidhme an chaiteachais riaracháin le haghaidh fócaíochtaí, is é sin 63 %, tugann an Chomhairle dá haire na húdair a tugadh leis an méid sin, go háirithe na coigiltis i ndáil le gníomhaíochtaí cumarsáide agus tionscadal TF a cuireadh ar athlá, agus iarrann sí ar an gComhghnóthas an bhainistíocht agus an phleanáil buiséid a fheabhsú.

A mhéid a bhaineann leis na córais bhainistíochta agus rialaithe le haghaidh chaiteachas Fís 2020, is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil na hidirbhearta a ndearna an Chúirt sampláil orthu saor ó earráidí agus ó laigí rialaithe.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin
an Chomhghnóthais um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach (CBE)
i leith chur chun feidhme bhuiséad
Chomhghnóthas CBE
don bhliain airgeadais 2022

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014¹, agus go háirithe Airteagal 26(5) de,

Ag féachaint do Rialacha Airgeadais an Chomhghnóthais Tionscail Bhithbhunaithe a ghlac a Bhord Rialaithe an 1 Eanáir 2020,

¹ IO L 427, 30.11.2021, lch. 17.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Chomhghnóthas CBE don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear an ‘Comhghnóthas’ anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí an Chomhghnóthais ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad an Chomhghnóthais ar shlí ar féidir urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

¹ IO C, C/2023/1025, 16.11.2023.

**BARÚLACHA A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ
LE TABHAIRT DON
CHOMHGHNÓTHAS UM EORAIP BHITHBHUNAITHE CHIORCLACH (CBE JU)**

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Chomhghnóthais mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialacha Airgeadais an Chomhghnóthais, agus go bhfuil na hidirbhearta is bunús leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire cinneadh na Cúirte nach nochtar faisnéis leordhóthanach maidir le ranníocaíochtaí chomhaltaí an Chomhghnóthais, rud a fhágann gur deacair ranníocaíochtaí airgid an Aontais, ranníocaíochtaí comhchineáil agus baint amach spriocanna ranníocaíochta dlíthiúla na gclár faoi seach ag deireadh na bliana a thabhairt le chéile. Is díol sásaimh don Chomhairle, dá bhrí sin, go bhfuil sé ar intinn ag an gComhghnóthas an tsaincheist sin a réiteach go hiomlán i gcuntais bhliantúla na bliana seo chugainn. Iarrann an Chomhairle ar an gComhghnóthas dul i dteagmháil leis an gCoimisiún chun tacaíocht a fháil ina chuid oibre ar theimpléad comhchuibhithe le haghaidh na gcuntas bliantúil ina leith sin.

Is oth leis an gComhairle nach mbainfidh an Comhghnóthas amach sprioc rannchuidithe na gcomhaltaí príobháideacha dá bhforáladh don chlár Fís 2020 agus iarrann sí ar an gComhghnóthas an riosca sin a leigheas agus a mhaolú don CAI reatha.

Tugann an Chomhairle dá haire agus is díol inní di an laghdú ar ráta cur chun feidhme na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí oibríochtúla faoin gclár Fís 2020 go 65 %, chomh maith le tromlach na dtionscadal agus a n-íocaíochtaí deiridh faoi seach a cuireadh ar athlá go 2023 de dheasca fadhbanna seachadta a bhaineann le COVID-19 agus costais mhéadaitheacha do na tairbhíthe. Tá an Chomhairle ag teacht le himní na Cúirte go bhféadfadh bainistiú comhuaineach roinnt cláir CAI éifeachtacht rialuithe inmheánacha an Chomhghnóthais agus an bainistiú ar na cistí sin a lagú, agus moill a chur ar chur chun feidhme na gclár nua, agus dá bhrí sin iarrann sí ar an gComhghnóthas gníomhaíochtaí feabhais a dhéanamh agus, ar an gcaoi sin, cás a sheachaint ina scaipfeadh na héifeachtaí go cláir nua freisin.

Is oth leis an gComhairle ráta íseal cur chun feidhme chaiteachas riaracháin an Chomhghnóthais le haghaidh íocaíochtaí tuarastail, is é sin 55 %, i ngeall ar mhoill ar thús conarthaí ball foirne nua-earcaithe, agus iarrann sí ar an gComhghnóthas a bhainistiú earcaíochta a fheabhsú.

A mhéid a bhaineann le córais bhainistíochta agus rialaithe le haghaidh chaiteachas Fís 2020, is oth leis an gComhairle gur shainaithin an Chúirt earráid thromchúiseach i gcás amháin, mar thoradh ar chostas pearsanra arna éileamh go hiomarcach ag an tairbhí. I ndáil leis an méid sin, iarrann an Chomhairle ar an gComhghnóthas bearta ceartaitheacha a chur chun feidhme agus na rioscaí sin a mhaolú amach anseo.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrtóir Feidhmiúcháin
an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa (EU-Rail)
i leith chur chun feidhme bhuiséad
Chomhghnóthas EU-Rail
don bhliain airgeadais 2022

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014¹, agus go háirithe Airteagal 26(5) de,

Ag féachaint do Rialacha Airgeadais Chomhghnóthas Shift2Rail a ghlac a Bhord Rialaithe an 21 Nollaig 2021,

¹ IO L 427, 30.11.2021, lch. 17.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Chomhghnóthas EU-Rail don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear an ‘Comhghnóthas’ anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí an Chomhghnóthais ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad an Chomhghnóthais ar shlí ar féidir urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

¹ IO C, C/2023/1025, 16.11.2023.

BARÚLACHA A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ
LE TABHAIRT DON
CHOMHGHNÓTHAS UM IARNRÓD NA hEORPA (EU-RAIL JU)

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Chomhghnóthais mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialacha Airgeadais an Chomhghnóthais, agus go bhfuil na hidirbhearta is bunús leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire cinneadh na Cúirte nach nochtar faisnéis leordhóthanach maidir le ranníocaíochtaí chomhaltaí an Chomhghnóthais, rud a fhágann gur deacair ranníocaíochtaí airgid an Aontais, ranníocaíochtaí comhchineáil agus baint amach spriocanna ranníocaíochta dlíthiúla na gclár faoi seach ag deireadh na bliana a thabhairt le chéile. Is díol sásaimh don Chomhairle, dá bhrí sin, go bhfuil sé ar intinn ag an gComhghnóthas an tsaincheist sin a réiteach go hiomlán i gcuntais bhliantúla na bliana seo chugainn. Iarrann an Chomhairle ar an gComhghnóthas dul i dteagmháil leis an gCoimisiún chun tacaíocht a fháil ina chuid oibre ar theimpléad comhchuibhithe le haghaidh na gcuntas bliantúil ina leith sin.

Tugann an Chomhairle dá haire agus is díol inní di ráta an-íseal cur chun feidhme na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí oibríochtúla faoin gclár Fís 2020, is é sin 47 %, chomh maith le tromlach na dtionscadal agus a n-íocaíochtaí deiridh faoi seach a cuireadh ar athlá go 2023 de dheasca fadhbanna seachadta a bhaineann le COVID-19 agus costais mhéadaitheacha do na tairbhíthe. Tá an Chomhairle ag teacht le himní na Cúirte go bhféadfadh bainistiú comhuaineach roinnt cláir CAI éifeachtacht rialuithe inmheánacha an Chomhghnóthais agus an bainistiú ar na cistí sin a lagú, agus moill a chur ar chur chun feidhme na gclár nua, agus dá bhrí sin iarrann sí ar an gComhghnóthas gníomhaíochtaí feabhais a dhéanamh agus, ar an gcaoi sin, cás a sheachaint ina scaipfeadh na héifeachtaí go cláir nua freisin.

Maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe le haghaidh chaiteachas Fís 2020, is oth leis an gComhairle gur shainaithin an Chúirt earráid thromchúiseach i gcás amháin, mar thoradh ar chostas pearsanra arna éileamh go hiomarcach ag an tairbhí. I ndáil leis an méid sin, iarrann an Chomhairle ar an gComhghnóthas bearta ceartaitheacha a chur chun feidhme agus feabhas a chur ar a chórais bhainistíochta agus rialaithe deontais chun an riosca a bhaineann leis na hearráidí sin a mhaolú.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin
an Chomhghnóthais Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpaigh (EuroHPC)
i leith chur chun feidhme bhuiséad
Chomhghnóthas EuroHPC
don bhliain airgeadais 2022

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 2021/1173 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 lena mbunaítear an Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1488¹, agus go háirithe Airteagal 4 de,

Ag féachaint do Rialacha Airgeadais Chomhghnóthas EuroHPC a ghlac a Bhord Rialaithe an 20 Feabhra 2020,

¹ IO L 256, 19.7.2021, lch. 3.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Chomhghnóthas EuroHPC don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear an ‘Comhghnóthas’ anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí an Chomhghnóthais ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad an Chomhghnóthais ar shlí ar féidir urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

¹ IO C, C/2023/1025, 16.11.2023.

**BARÚLACHA A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ
LE TABHAIRT DON
CHOMHGHNÓTHAS RÍOMHAIREACHTA ARDFHEIDHMÍOCHTA
EORPACH (EuroHPC JU)**

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Chomhghnóthais mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialacha Airgeadais an Chomhghnóthais, agus go bhfuil na hidirbhearta is bunús leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire cinneadh na Cúirte nach nochtar faisnéis leordhóthanach maidir le ranníocaíochtaí chomhaltaí an Chomhghnóthais, rud a fhágann gur deacair ranníocaíochtaí airgid an Aontais, ranníocaíochtaí comhchineáil agus baint amach spriocanna ranníocaíochta dlíthiúla na gclár faoi seach ag deireadh na bliana a thabhairt le chéile. Is díol sásaimh don Chomhairle, dá bhrí sin, go bhfuil sé ar intinn ag an gComhghnóthas an tsaincheist sin a réiteach go hiomlán i gcuntais bhliantúla na bliana seo chugainn. Iarrann an Chomhairle ar an gComhghnóthas dul i dteagmháil leis an gCoimisiún chun tacaíocht a fháil ina chuid oibre ar theimpléad comhchuibhithe le haghaidh na gcuntas bliantúil ina leith sin.

Is oth leis an gComhairle nach mbainfear amach sprioc rannchuidithe na gcomhaltaí príobháideacha don chlár Fís 2020 agus iarrann sí ar an gComhghnóthas an riosca sin a leigheas agus a mhaolú don CAI reatha.

Is oth leis an gComhairle agus is díol imní di ráta cur chun feidhme na leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ráta an-íseal cur chun feidhme na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, 79 % agus 24 % faoi seach, arb iad na húdair a tugadh leo na moilleanna ar sholáthar agus ar ghlaonna ar thograí chomh maith le héilimh ar chostais arna ndéanamh ag tairbhíthe. Ina theannta sin, is oth leis an gComhairle ráta íseal cur chun feidhme chaiteachas riaracháin an Chomhghnóthais, is é sin 45 % faoi chomhair gealltanais agus 37 % faoi chomhair íocaíochtaí, arb é neamhchomhlíonadh an phlean earcaíochta is cúis leis den chuid is mó. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle ar an gComhghnóthas gníomhaíochtaí feabhais a dhéanamh trína bhainistíocht agus a phleanáil buiséid a fheabhsú, agus tríd an bplean gníomhaíochta earcaíochta a fhorfheidhmiú.

A mhéid a bhaineann le leis na córais bhainistíochta agus rialaithe do chaiteachas Fís 2020, is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil na hidirbhearta a ndearna an Chúirt sampláil orthu saor ó earráidí suntasacha agus laigí rialaithe, agus is díol sásaimh di freisin go bhfuil an Comhghnóthas tiomanta obair leantach a dhéanamh ar an laige taifeadta ama a sainaithníodh.
